Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

Cruinniú na nÓg

# Cruinniú na nÓg 2020 Fhine Gall – Glao Oscailte

Tá áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall glao oscailte a fhógairt ar ealaíontóirí, ar chleachtóirí cruthaitheacha, ar eagraíochtaí ealaíon agus ar phobail chruthaitheacha/chultúrtha iarratais a chur isteach ar Chruinniú na nÓg 2020 mar chuid de Chlár Éire Ildánach Fhine Gall. Baineann an glao oscailte seo le gníomhaíochtaí, léirithe, léamha, ceardlanna, suiteáin ealaíne idirghníomhacha, srl. a bheidh ar siúl Dé Sathairn an 13 Meitheamh 2020 ar fud limistéar Fhine Gall. **Is féidir imeachtaí aonuaire a chur ar siúl an 13 Meitheamh nó féadfaidh siad a bheith bunaithe ar thionscadail agus an toradh deiridh a thaispeáint ag imeacht poiblí saor in aisce an 13 Meitheamh**.

Is imeacht uile-Éireann é Cruinniú na nÓg 2020 a dhéanann ceiliúradh ar agus a spreagann rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i ngníomhaíochtaí ar nós ealaín, ceol, códú agus ceardlanna amharclainne, léirithe, taispeántais, léamha, scannáin agus i bhfad níos mó. Tá gach imeacht saor in aisce, áitiúil agus bunaithe ar gníomhaíocht. Is lá é chun nithe a dhéanamh agus a chruthú.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag iarraidh clár leathan oibre a fhorbairt ar fud na bhfoirmeacha ealaíne go léir trí ghníomhaíochtaí, léirithe, ceardlanna forbartha nó tionscadail chruthaitheacha do dhaoine óga idir 0-18 mbliana d'aois. Ní mór go mbeach gach gníomhaíocht ar siúl ar fud cheantar Fhine Gall agus is féidir is a chur ar bun in ionaid phobail, i spásanna poiblí agus i bpáirceanna, scoileanna, leabharlanna agus in ionaid oiriúnacha eile.

Breithneofar gach foirm ealaíne agus foirm chruthaitheach lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta d'amharc-ealaín, ceol, damhsa, drámaíocht, scéalaíocht, puipéadóireacht, sorcas, ealaín sráide, léiriú, códú, dearadh, léamha, filíocht, ailtireacht, STEAM etc. Táimid ag lorg gníomhaíochtaí nuálacha atá uaillmhianach, nuálach agus a chothaíonn cruthaitheacht i leanaí agus daoine óga ó gach cúlra.

Tabharfar dámhachtainí suas go huasmhéid €2,000

**An spriocdháta faoinar gá tairiscintí a chur isteach:  An 20 Márta 2020**

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le creativefingal@fingal.ie

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

Cruinniú na nÓg

**Cruinniú na nÓg 2020**

**FOIRM IARRATAIS**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm an Teagmhálaí | | Fón | |
| Seoladh | | Rphost | |

Cuir tic sa bhfoirm(eacha) ealaíne a theastaíonn uait a mhaoiniú

| | |
|---|---|
| Ailtireacht | Ceol |
| Sorcas | Ceoldráma |
| Códú | Taibhealaín |
| Ceardaíocht | Ealaíona/Seó Sráide |
| Damhsa | Amharclannaíocht |
| Scannáníocht | Ealaíona Traidisiúnta |
| Litríocht | Amharcealaíona |

Eile_______________________________________________________

**Pleananna Imeachta** - Tabhair cur síos ar an imeacht atá ar intinn agat a chur ar bun (uasmhéid 500 focal)

| |
|---|
| |

**Taithí** - Tabhair sonraí faoi do thaithí roimhe seo maidir le himeachtaí cruthaitheacha rannpháirteacha (uasmhéid 200 focal)

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

Cruinniú na nÓg

**Straitéis Chruthaitheach**- Déan cur síos le do thoil ar conas a chabhraíonn an ghníomhaíocht le straitéis Chruinniú na nÓg a chomhlíonadh chun léiriú cruthaitheach a fhorbairt i ndaoine óga agus rannpháirtíocht sna healaíona agus i gcruthaitheacht a mhéadú. (uasmhéid 200 focal)

**Lucht Féachana-** Áirigh roinnt eolais faoi na rannpháirtithe ar mhaith leat a mhealladh. Cén aoisghrúpa a dhíríonn an t-imeacht air agus cad é líon an lucht féachana is féidir leat freastal air i do cheardlann?

**Méid atá á lorg** - Tabhair breac-chuntas, le do thoil, ar na costais go léir a bhaineann leis an imeacht atá beartaithe agat.

| |
|---|
| |

**Cad é an costas iomlán don imeacht** **€_____________**

**Méid atáthar á lorg ó Chomhairle Contae Fhine Gall** **€_____________**

**Cuir tic má cheadaíonn tú d'Oifig Éire Ildánach, Comhairle Contae Fhine Gall do chuid sonraí teagmhála a choinneáil i gcomhad le haghaidh ár liosta seoltaí.**

**Ní mór do gach iarratasóir cloí leis an reachtaíocht ábhartha lena n-áirítear Tús Áite do Leanaí**

## Seol foirmeacha comhlánaithe chuig: creativefingal@fingal.ie

## DÉ hAOINE AN 20 MÁRTA AN DÁTA DEIRIDH A GHLACFAR LE hIARRATAIS